Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

C/2024/1004

22.1.2024

GA
Sraith C

Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh agus/nó iad a úsáid

(Arna foilsiú de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 [1])

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1004)

Cinneadh lena ndeonaítear údarú

Uimhir thagartha an Chinnidh [1]	Dáta an Chinnidh	Ainm na substainte	Sealbhóir an údaraithe	Uimhir an údaraithe	Úsáid údaraithe	Dáta éaga na tréimhse athbhreithnithe	Na cúiseanna atá leis an gcinneadh
C(2024) 11	15 Eanáir 2024	1,2-déchlóireatán Uimh. CE 203-458-1, Uimh. CAS 107-06-2	Lanxess Deutschland GmbH, Kennedyplatz 1, 50569, Köln, an Ghearmáin	REACH/23/39/0/R1	Úsáid thionsclaíoch mar oibreán borrtha le linn imoibriú sulfónáithe coirníní comhpholaiméire polaistiréine-dévinilbeinséine i monarú roisíní malartaithe caitian aigéid láidir	An 22 Samhain 2028	I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, is mó na sochair shocheacnamaíocha ná an riosca do shláinte an duine agus don chomhshaol mar gheall ar úsáid na substainte agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann atá oiriúnach.

[1] Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu).

[1] IO L 396, 30.12.2006 , lch. 1.